



Nuachtlitir

Samhradh 2016

Urraithe ag



Foras na Gaeilge

Clár na

Nuachtlitreach

Polasaí Tumoideachais sa nGaeltacht	Lch 2
Earcaíocht do Chigireacht na Roinne	Lch 2
SCOLÁIREACHTAÍ 2016	Lch 2
Cruinnithe Réigiúnda	Lch 3
Comóradh 1916	Lch 4
Liam Liath	Lch 5
An Leabhar Beag Brónach	Lch 6
Scéim Tacaíochta Teanga	Lch 6
Oiliúint do Bhoird Bainistíochta	Lch 7
Imeachtaí Scoile	8-9
Comórtas Fichille 2016	Lch 10
Fógraí	Lch 11
Na Naíonraí	Lch 12

Práinn le Polasaí Tumoideachais sa nGaeltacht

Anna Ní Chartúir



Sa gcomhairliúchán a déanadh ar an Oideachas Gaeltachta i 2015, bhí an tumoideachas ar cheann de na príomhcheistanna a tháinig chun cinn. Moladh go gcuirfí tréimhse dhá bhliain tumoideachais i bhfeidhm i ranganna na naíonán sna scoileanna Gaeltachta, rud a chiallóidh gur i nGaeilge amháin a mhúiní na gasúir sa tréimhse sin. Deis a bheadh anseo d'fhoghlaimeoirí chun an Ghaeilge a shealbhú, agus deis í a bhuanú agus a shaibhriú i measc cainteoirí dúchais.

Léirigh rannpháirtithe sa gcomhairliúchán tacaíocht do thréimhse éigeantach tumoideachais sna naíonáin, cé gur léiríodh an tuairim freisin go mba chóir go mbeadh an rogha sin fágtha faoin scoil.

Tá meascán daltaí i scoileanna na Gaeltachta: gasúir a thógtar le Gaeilge agus a bhfuil taithí acu ar an mBéarla freisin; agus gasúir a thagann ar scoil gan aon Ghaeilge nó le fórbheagán Gaeilge agus arbh í an Béarla an teanga baile acu. Dúshlán leanúnach atá ann do mhúinteoirí Gaeltachta Gaeilge a mhúineadh d'fhoghlaimeoirí le go mbeidís in ann an curaclam iomlán a mhúineadh trí Ghaeilge agus, ag an am céanna, saibhriú agus forbairt a dhéanamh ar an teanga i measc na gcainteoirí dúchais le go mbainfidís siúd amach ardleibhéal ina dteanga dhúchais.

Léiríonn an taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta gurb é an córas tumoideachais an córas is éifeachtaí le teanga a shealbhú agus a bhuanú, agus gur córas é atá feiliúnach do ghasúir a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Sa nGaeltacht, chabhródh an córas sin le gasúir scoileanna agus ardchumas a fhorbairt i nGaeilge le bheith in ann an curaclam iomlán a láimhseáil trí Ghaeilge. Léiríonn an taighde freisin go bhforbraíonn gasúir cumas sa dá theanga gan dochar a dhéanamh de cheachtar den dá theanga. [Léigh tuilleadh ar lch 2.](#)

'Grace agus Seosamh' le Gaelscoil an Bhradáin Feasa



Léirigh Rang 3 ó Gaelscoil an Bhradáin Feasa an ceoldráma "Grace agus Seosamh". Beidh sé á chur i láthair acu ar feadh dhá oíche in Droichead Arts Centre i nDroichead Átha, 9-10 Bealtaine. Tá an ceol dráma ainmnithe le haghaidh duais ag Bord Gais Student Theatre chomh maith. ([Níos mó grianghraf ar lch 4](#))

Gaelscoileanna Teo.

www.gaelscoileanna.ie

oifig@gaelscoileanna.ie | 01-8535195

Halla Naomh Pádraig,

Institiúid Oideachais Marino,

Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9

(Tuilleadh, *Práinn le Polasaí Tumoideachais sa nGaeltacht* :)

Is minic go léiríonn tuismitheoirí agus múinteoirí inní nach n-éireodh go maith le gasúir i mBéarla dá gcuirfí an tréimhse tumoideachais i bhfeidhm, ach léiríonn an taighde nach mar seo a bhíonn. Léiríonn an taighde go n-aistríonn na scileanna ó theanga amháin go teanga eile agus go dtarlaíonn sé seo níos minice ó mhionteanga go mórtheanga (Gaeilge go Béarla i gcás na Gaeltachta).

Sa tuairisc *The 2010 National Assessments of English Reading and Mathematics in Irish Medium Schools* (ERC), léiríodh go raibh an meánscore a bhain gasúir i nGaelscoileanna amach i léitheoireacht an Bhéarla i ranganna 2 agus 6 i bhfad os cionn an mheánscoir a baineadh amach i scoileanna ina múintear trí Bhéarla. Bhí an meánscore a bhain daltaí i scoileanna Gaeltachta amach sa léitheoireacht Bhéarla i Rang 2 níos airde ná an meánscore a baineadh amach i scoileanna a mhúineann trí Bhéarla. Agus, i Rang 6, bhí meánscore scoileanna na Gaeltachta sa léitheoireacht Bhéarla go maith os cionn an mheánscoir a baineadh amach sna scoileanna ina múintear trí Bhéarla.

Léiríonn na figiúirí seo nach bhfuil údar inní ag tuismitheoirí ná ag múinteoirí na Gaeltachta faoin mBéarla sa gcóras tumoideachais. Má chuireann an Roinn Oideachais an moladh i bhfeidhm sa bPolasaí Oideachais Gaeltachta (atá le foilsiú go gairid), go mbeadh tréimhse tumoideachais dhá bhliain i scoileanna na Gaeltachta, beidh gá le córas measúnaithe an Bhéarla (ina gcuirtear tástálacha caighdeánacha ar ghasúir sa mBéarla i Rang 1) a chur siar ar feadh tréimhse ama. Beidh gá freisin le inseirbhís sa tumoideachas do gach múinteoir Gaeltachta agus pacáiste eolais dírithe ar thuismitheoirí leis na buntáistí oideachais dá ngasúir a mhíniú dóibh.

Dea-scála é go bhfuil an tumoideachas á mholadh ag an Roinn Oideachais do ranganna na naíonán, ach i bhfianaise an taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar chóir dúinn a bheith ag cuimhneamh anois ar an tumoideachas a leathnú go Ranganna 1 agus 2?

Earcaíocht do Chigireacht na Roinne

Oideachais agus Scileanna

Beidh Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna ag earcú cigirí bunscoile an samhradh seo. Beidh comórtais chun cigirí a cheapadh á reáchtáil ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí roimh shaoire an tsamhraidh. Má tá suim agat sna poist seo, logáil isteach ar www.publicjobs.ie agus déan do shuim a chlárú sa chaoi go bhfaighidh tú fógraí nuair a osclaítear na hiarratais.



SCOLÁIREACHTAÍ 2016 le tacaíocht ó Fhoras na Gaeilge

Cúrsa Teaghlaigh sa Ghaeltacht Iúil 2016

Tá Foras na Gaeilge ag cur 15 scoláireachtaí ar fáil do Chúrsa Teaghlaigh sa Ghaeilge atá a reáchtáil ag Cumann an Phiarsaigh i nGaoth Dobhair le linn na seachtaine 16-23 Iúil 2016. Bronnfar 10 scoláireachtaí de luach €900 an ceann agus 5 scoláireachtaí de luach €200 an ceann ar theaghlaigh a bhfuil suim acu freastal ar an chúrsa Gaeilge seo i nGaoth Dobhair.

Caitheann na teaghlaigh seachtain i nGaoth Dobhair ag freastal ar ranganna agus imeachtaí trí Ghaeilge a bheidh ar siúl i bPobalscoil Ghaoth Dobhair. Tá a thuilleadh eolais faoin chúrsa féin ar an suíomh idirlíon www.piarasigh.ie

Is ar theaghlaigh atá san earnáil Gaelscolaíochta faoi láthair atá na scoláireachtaí dírithe; sé sin le rá do theaghlaigh a bhfuil páiste ag freastal ar ghaelscoil, ar ghaelcholáiste nó scoil ina bhfuil oideachas trí Ghaeilge a chur ar fáil.

Tá Cumann an Phiarsaigh go mór faoi chomaoín ag Foras na Gaeilge as an tacaíocht seo a thabhairt don chúrsa.

Is féidir eolas breise a fháil ó Joe Ó Gallchóir, stiúrthóir an chúrsa, ag 086 3048242 nó galljoe@eircom.net



Ealaíon ó Shearmanas Ardú an Bhrrataigh, Coláiste de hÍde.



Struchtúr Réigiúnda á bhunú do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge

Tá struchtúr nua á bhunú faoi láthair san eagraíocht chun críche fóraim thacaíochta agus foghlama a éascú do scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, fud far na tíre. Cuirfear fáilte roimh gach scoil lán-Ghaeilge, idir mhúinteoirí, príomhoidí, baill den bhord bainistíochta, baill de choiste na dtuismitheoirí a bheith páirteach sa réigiún lena mbaineann siad. Is faoin réigiún a bheidh, le cúnamh ó fhoireann na heagraíochta, a gcuid riachtanais féin a aithint agus clár a chur le chéile a bheidh mar sprioc aige tacú le baill an phobail, freastal ar riachtanais agus cabhrú leis an comhroinnt dea-chleachtais agus saíneolais.

Tá 6 réigiún roghnaithe agus tá an eagraíocht ag gairm an chéad chruinnithe leis an struchtúr seo a mhíniú, agus le bhur dtuairimí ina leith a chloisteáil. Táimid fíor-bhuíoch dóibh siúd a d'fhreastail cheana, agus beidh muid i dteagmháil libh uile arís leis an dul chun cinn a chur in iúl.

Ón aiseolas atá faighte, creidtear gur togra fiúntach é seo, a bheidh go mór chun leas na scoileanna, agus na múinteoirí. Moltar coistí thacaíochta a bhunú, mar shampla, bunaithe ar ábhair agus ar théamaí ar leith sa réigiún.

Buntáiste mór eile leis an gcur chuige seo ná gur meicníocht a bheidh ann tríd na coistí ag leibhéil na réigiúin daoine a thoghadh le suí ar bhord stiúrtha Gaelscoileana Teo. Aithnítear gur deis an-mhaith é seo cur le sainthuiscint na hearnála oideachais lán-Ghaeilge agus leathnú ar shainspéis sna leibhéil éagsúla den tumoideachas.

Is iad na sonraí a bhaineann leis na cruinnithe atá le réachtáil go fóill ná:

Réigiún	Contaetha	Líon scoileanna	Baill Bhoird sa réigiún	Dáta & am cruinnithe & ionad mholta
1.	Dún na nGall	48 scoil (36 bsG, 5 lbs G, 5bs, 2 lbs)	John Joe Mac Íomhair	18 Bealtaine ; 17.00-18.30 Scoil Naomh Fionnán, An Fál Carrach
2.	Sligeach, Liatroim, Ros Comáin, Longfort, An Cabhán, Muineacháin, An Iarmhí, Uíbh Fhailí, Laois	20 scoil (19 bs, 1 lb)	Yvonne Ní Mhurchú Mícheál Ó Broin	17 Bealtaine 17.30-19.00 Ionad Oid Cora Droma Rúisc
3.	Maigh Eo, Gaillimh	91 scoil (64 bsG, 10 lbsG, 1 Sibs, 11 bs, 2 lbs, 1Sibs)	Cormac Ó Tuairisg Emily Ní Chailearáin Anna Ní Chartúir	17 Bealtaine 17.00-18.30 Óstán Peacock's, Crosaire Maam Mait Ó Brádaigh ag caint.
4.	An Chlár, Tiobraid Árann (T), Luimneach, Ciarraí, Corcaigh	77 scoil (20 bsG, 4 lbsG, 38 bs, 7 lbs, 7 Albs, 1 Sibs)	Elaine Ní Shé Seán Ó Nuanáin Sinéad Ní Shuilleabháin Naomi Ní Mhuiríosa T. J. Ó Ceallaigh	10 Bealtaine 18.00-19.30 Garden Room, Óstán Hibernian, Príomhshráid, Malla TJ Ó Ceallaigh ag caint.
5.	Tiobraid Árann (D), Port Láirge, Cill Chainnigh, Loch Garman, Ceatharlach	20 scoil (3 bsG, 1 lbsG, 11bs, 4 lbs, 1 Albs)	Cathnia Ó Muirheartaigh Seán Ó hArgáin	16 Bealtaine 17.00-18.30 Ionad Oid Cill Chainnigh TJ Ó Ceallaigh ag caint
6.	Lú, An Mhí, BÁC, Cill Dara, Cill Mhantáin	76 scoil (3 bs G, 1 lbs G, 56 bs, 13 lbs, 2 Albs, 1 Sibs)	Clodagh Ní Mhaoilchiaráin Dealgan Ó Ciarubháin Fíona Uí Uiginn Seán Mag Oireachtaigh	11 Bealtaine 17.00-18.30 Óstán Louis Fitzgerald, Crosaire Newlands Clodagh Ní Mhaoilchiaráin ag caint ar riachtanais speisialta oideachais.

Fáiltímid go mór roimh bhur moltaí d'fheidhmiú éifeachtach an struchtúir seo. Is chun bhur leasa é agus táimid an-sásta go mbeidh deis ag scoileanna a bheith níos lárnaí d'fhorbairt na hearnála agus go mbeidh deis acu foghlaim óna chéile agus ón saíneolas atá i ngach scoil lán-Ghaeilge.

Comóradh an Chéid 1916



Searmanas Ardú an Bhritaigh 15 Márta 2016,
Coláiste de hÍde.



Gaelscoil Mhúscraí i bParáid na Blarnan



Coláiste an Phiarsaigh: Daltaí ag baint lán a súl as gunnaí agus uirlisí airm a bhí ar taispeáint sa scoil ar Lá an Phiarsaigh.

Ghlac idir mhúinteoirí agus dhaltai páirt ghníomhach i Lá an Phiarsaigh i gColáiste an Phiarsaigh ar an 15 Márta 2016 nuair a rinne siad athachtú ar an dtreimhse staire úd.



Daltaí i bPáirc an Chrócaigh mar pháirt de chomóradh 1916, Coláiste Pobail Mhaigh



Shiúil banna ceoil Scoil Uí Cheithearnaigh sa pharáid i mBéal Átha na Slua i mbliana agus iad ar fad gleasta mar pháistí ó 1916.



Ceoldráma "Grace agus Seosamh" le Gaelscoil an Bhradáin Feasa



Liam Liath

Noah Ó Ceallaigh,
Gaelscoil Thomáis Dáibhís, Co. Chorcaí,
8 mbliana d'aois, Rang a dó
Múinteoir: Labhras Ó hÍcí

Ar chuala tú riamh ar Liam Liath? Bhí cónaí air i ndomhan liath. Ba bhreá leis an dath liath.

D'íth sé leite agus seanchóipleabhair. D'ól sé tae fuar. Bhí a saol sábháilte, dorchá agus leadránach. An-leadránach.

Lá amháin tharla rud éigin aith do Liam Liath. Lá liath scamallach a bhí ann nuair a chonaic sé dath eile. Gearóid Gorm a chonaic sé. Ansin thit sé ar an dtalamh agus bhuail sé a cheann. Nuair a sheas sé suas bhí Gearóid Gorm imithe. Nuair a bhí sé ar ais sa bhaile dúirt sé lena chairde mar gheall ar an dath nua agus an gheith uafásach a bhfuair sé. Dúirt a chairde lena chéile go gcaithfidís an ruaig a chur ar an dath nua seo. Tar éis tamaill, chonaiceadar Gearóid Gorm agus dúradar leis chun imeacht ón domhan liath.

'Imigh leat! Imigh leat!' a dúradar. Agus ní fhaca siad Gearóid Gorm arís.

An chéad lá eile bhí Liam Liath ag súil ar an mbóthar liath go dtí an siopa liath. Chonaic sé dath eile. Ursula Uaine a bhí ag rith síos an bhóthar. Agus bhí a chairde ag rith i ndiaidh í.

'Imigh leat! Imigh leat!' a dúradar le Ursula. Agus d'imigh sí.

Tharla an rud ceannainn céanna do Barra Buí. Agus Orla Óráiste. Agus Cáit Corcra. Agus Dan Dearg. Lean an saol ar aghaidh do Liam Liath agus a chairde. Bhí a saolta fós sábháilte, dorchá agus leadránach.

Ansin tháinig dath eile go dtí an domhan liath. Ach ní dath amháin a bhí ann. Iggy Ildaite a bhí ann. Bhí dathanna an bhogha báistí air. Bhí sé lán d'fhuinneamh agus spraoi.

'Féach orm. Is mise Iggy Ildaite!' a dúirt sé. Ní dúirt Liam Liath faic.

'Cén fáth nach bhfuil dathanna eile sa domhan seo?' arsa Iggy.

'B' fhearr liom é nuair atá gach rud mar an gcéanna', arsa Liam. 'Ní maith liom athrú.'

'Ach tá athrú go maith', arsa Iggy.

'Ach nach maith leat an domhan liath?' arsa Liam le Iggy. 'Cén fáth gur mhaith leat a bheith difriúil?'

'Ach is rud iontach é a bheith difriúil!' arsa Iggy Ildaite. 'Tá na difríochtaí sa saol cosúil leis na *Hundreds and Thousands* ar do chaca liath!' Thosaigh Liam Liath ag smaoineamh faoi seo.

'Ba mhaith liom a bheith cairdiúil leat,' arsa Iggy Ildaite leis. 'An bhfuil go leor spáis ar an domhan liath dom?'

'Tá spás ann do gach dath,' arsa Liam. 'An rud atá annamh atá iontach!'

Chuir Liam agus a chairde fáilte roimh Iggy Ildaite agus na Dathanna eile. Fós tá Liam Liath ag ithe leite. Ach uaireanta itheann sé úlla, cairéid agus píseanna freisin. Is maith leis a bheith ag ól tae ach tá líomanáid agus crith bainne sú talún go deas freisin.

Bíonn Liam Liath ag súgradh lena sheanchairde. Agus bíonn sé ag súgradh le Gearóid, Ursula, Barra, Orla, Cáit, Dan agus Iggy freisin i saol ildaite.

Nílimid go léir mar an gcéanna agus is maith an rud é sin.



Buaiteoir Chomórtas Gearrscéalta an Irish Times, Michaela Ní Choinne-aláin, ó Choláiste de hÍde lena muinteoir Béarla, Sorcha de Búrca.



Seic á bhronnadh ag na páistí ó Gaelscoil Mhichíl Uí Choileáin, Cloch na gCoillte. Bhailigh siad €582 do Daffodil Day

Thug páistí Gaelscoil Dr. Uí Shúilleabháin sa Sciobairín, turas ar an mbád tarrthála í nDún Na Sead le déanaí. Fuaireadar seans féachaint timpeall uirthi & bhíodar lán do cheisteanna iontacha faoi shaol na farraige & na dainséir atá ag baint léi.

An Leabhar Beag Brónach

Bhí leabhar beag ann uair amháin. Bhí sé le fáil ar an tseilf i leabharlann ar scoil. Ní raibh sé ar bharr na seilf ach bhí sé le fáil ag an bhun. Ní raibh sé cosúil leis na leabharí eile a bhí sa leabharlann. Bhí na leabharí eile daite agus úr. Bhí an leabhar beag dubh agus ban. Bhí an clúdach stróicthe. Bhí gach páiste ag tógáil gach leabhar ach an leabhar beag seo. Chuir seo brón air. Bhí sé uaigneach agus dúirt sé “ní maith le duine ar bith mé”.

Bhí cailín ar scoil seo. Bhí sí i gcónaí ag troid leis na paistí eile. Bhí sí ag piocadh ar gasúirí a bhí níos óige ná í. Lá amháin thosaigh sí ag scairteadh drochainm ar chailín eile. Chonaic an máistir seo. Bhí uirthi dul isteach sa leabharlann ar feadh tamaill. Bhí sí lán do fhearg, sin an chúis le tamall san leabharlann. Ní raibh duine ar bith eile léi. Bhí sí ag amharc ar na leabharí go léir. Leis sin chonaic sí an leabhar beag brónach. Thóg sí suas é. Thosaigh sí ag léamh é. Tháinig áthas ar an chailín fosta. Nuair a tháinig an múinteoir isteach le labhairt leis an chailín, chonaic sé seo.

Ellie- May Ní Ghallachóir
Scoil Náisiúnta Éadan Fhionnfhraoich,
Co. Dhún na nGall
8 mbliana d'aois, Rang a dó
Múinteoir: Oilibhéair Mac Fhionnghaile

Leis sin dúirt an cailín go raibh brón uirthi. Dúirt sí nach mbeadh sí olc arís. Tháinig áthas ar an chailín. Chuir an múinteoir ceist “cén t-ainm a bhí ar an leabhar sin?”

“Bígí í do chara maith” an t-anam a bhí air. D’inis an máistir don scoil go léir fán leabhar beag seo. Anois tá gach duine ag léamh an leabhar seo. As seo amach níl an cailín brónach agus níl an leabhar beag brónach níos mó.



Ben Ó Tuama, Eimear Ní Bhrúdaire, Íde Ní Dheasúnaigh agus Fiona Ní Chearúil a ghlac páirt i bParlaimint Mac Léinn na hEorpa i gCorcaigh ar son Choláiste an Phiarsaigh. Chaitheadar a gcuid ama ag díospóireacht agus ag plé an rúin a tugadh dóibh. Ghlac thart ar ochtó dalta páirt ann ó chathair agus ó Chontae Chorcaí. Bhí seans acu go léir páirt a ghlacadh sa pharlaimint i halla

na cathrach agus vótáil agus araile a dhéanamh amhail is gur fíor pharlaimint a bhí ann.

Roghnaíodh Íde chun dul ar aghaidh go dtí na babhtaí díospóireachta a bheidh ar siúl i Manchain Shasana. Buailfidh sí le daltaí eile ó scoileanna na hEorpa thall agus beidh plé agus díospóireacht acu agus cuirfear ar a súile dóibh conas a oibríonn an córas daonlathach i ndáiríre.

10 mBliana ar an bhFód

Tá Gaelcholáiste Luimnigh ag ceiliúradh 10 mbliana den Choláiste a bheith oscailte i mbliana. Tá borradh forbartha ag baint leis an gColáiste seo ina bhfuil beagnach 600 scoláire ag foghlaim trí mheán na Gaeilge. D’oscail an scoil in 2006.

Beidh scoláirí, tuismitheoirí, foireann an Choláiste agus ionadaithe ón bPátrún, An Bord Oideachais & Oiliúna ag freastal ar an gceolchoirm speisialta seo chun tús a chur leis an raon d’imeachtaí a bheidh ar siúl chun an chloch-mhíle shuntasach seo a cheiliúradh.



Scéim Tacaíochta Teanga 2016 Gaelscoileanna Teo.



Ar bhain do naíonra/scoil leas as ár Scéim Tacaíochta Teanga go fóill i mbliana? Tá an scéim seo á reáchtáil ag Gaelscoileanna Teo. le cúnamh a thabhairt do stiúrthóirí naíonra agus d’fhoireann neamh-theagaisc na scoileanna (rúnaithe, cúntóirí riachtanais speisialta, feighlithe scoile, etc.) gur mian leo feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge nó tabhairt faoin scrúdú TEG. Faoin scéim seo is féidir tabhairt faoi oiliúint sa Ghaeilge ag aon leibhéal agus eagraithe ag aon fhoras oiliúna. D’fhéadfaí tabhairt faoi scrúduithe Gaeilge TEG, ranganna oíche, cúrsa Gaeilge ar líne, sainchúrsa teanga, dianchúrsa gramadaí, cúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht nó eile.

Gach eolas le fáil anseo <http://www.gaelscoileanna.ie/sceimeanna/sceim-tacaiochta-teanga-do-stiurthoiri-naionra/>

B’fhiú an deis iontach seo a thapú!

Oiliúint do na Boird Bainistíochta Bunscoile trí Ghaeilge

Tá Gaelscoileanna Teo. agus An Foras Pátrúnachta ag cur **oiliúint ar fáil trí Ghaeilge do na boird bainistíochta bunscoile** mórthimpeall na tíre agus beidh oiliúint ar fáil ar an gcéad módúil náisiúnta, An Bord mar Aonán Corparáideach, thar an gcéad cúpla seachtain eile do bhaill boird bainistíochta. Tá an módúil seo mar mhódúil ginearálta a bheadh oiriúnach do gach ball den bhord bainistíochta agus tá sé curtha le chéile ag na pátrúin agus eagraíochtaí bainistíochta oideachais go léir mar aon leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Léiríonn an módúil na **freagrachtaí éagsúla atá ar bhoird bainistíochta bunscoile** agus tá sé an-tábhachtach go mbeadh baill ar an eolas faoi na freagrachtaí seo. Seo an chéad mhódúil de 7 gcinn a bheidh á chur ar fáil againn thar an gcéad bhliain nó mar sin atá amach romhainn.

Beidh sé á chur ar fáil i 10 n-ionad má bhíonn dóthain éileamh air de réir na dátaí/ am atá luaite sa tábla thíos:

Ionad	Dáta	Am
Ionad Oideachais, Corcaigh	16.05	19.30-21.30
Ionad Oideachais Thrá Lí	17.05	19.00-21.00
Ionad Oideachais An Uaimh	18.05	19.00-21.00
Ionad Oideachais BÁC Thiar	19.05	19.00-21.00
Ionad Oideachais Chill Dara	23.05	19.00-21.00
Ionad Oideachais Átha Luain	24.05	19.00-21.00
Ionad Oideachais Chaisleán an Bharraigh	25.05	19.00-21.00
Óstán Gallaghers, Leitir Ceanainn	26.05	19.00-21.00

Más mian le baill do bhord bainistíochta freastal air ní gá ach clárú le Jill ag oifig@gaelscoileanna.ie.

Níl aon chostas ar an scoil don oiliúint seo mar tá na costais clúdaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Má tá suim agat san oiliúint a bheidh ar siúl i g**Corcaigh Dé Luain seo chugainn, 16 Bealtaine**, bheadh gá againn bheith ar an eolas faoi sin **faoi dheireadh an lae Dé hAoine, 13 Bealtaine**.





Buaiteoirí aclaíochta, Coláiste Pobail Mhaigh Nuad



Grúpa Trad na scoile ag seinm ceoil in Ollscoil na hÉireann Mhá Nuad mar pháirt de Sheachtain na Gaeilge



Daltaí as Colaiste Phobail Mhá Nuad leis an údar cáiliúil Ré Ó Laighléis a thug cuairt ar an scoil le ceardlann scríbhneoireachta a dhéanamh le linn Sheachtain na Gaeilge



Grúpa Daltaí as Colaiste Pobail Mhá Nuad a ghlac páirt i Rith 2016 lena múinteoir corpoideachais Iníon Uí Dhonnabháin.

Blitz Peile Ghlór na Mara

Le teann áthais, d'eagraigh Coláiste Ghlór na Mara blitz peile ar an 25ú Feabhra i mBaile Brigín.

Comórtas peile seachtar an taobh a bhí i gceist idir gaelcholáistí difriúla ó Bhaile Átha Cliath, Chill Dara agus ó Chontae an Lú. Bhí sraith cailíní agus sraith buachaillí i gceist agus imríodh na cluichí ar Astro Naomh Mológa. I sraith na mbuachaillí bhí an bua ag Gaelcholáiste an Phiarsaigh agus i sraith na gcailíní bhí an bua ag Coláiste Ghlór na Mara.

Lá iontach spráilúil a bhí againn agus buíochas leis na foirne ar fad a ghlac páirt sa chomórtas. Gabhann Coláiste Ghlór na Mara buíochas le Gaelcholáiste an Phiarsaigh, le Gaelcholáiste Chill Dara agus le Coláiste an Lú /Cú Chulainn.

Ní dhéanfaidh na scolairí dearmad ar an lá seo go héasca. Lá lán spioraid agus spóirt. Caithear tabhairt faoin gcomórtas ceannann céanna arís an t-am seo an bhliain seo chugainn!

Blitz Tras-Tíre na nGaeilscoileanna 2016

Chuir daltaí Ghaelscoil Inse Chór fáilte roimh dhaltaí Ghaelscoil na Camóige, Scoil Mológa, Gaeilscoil Naomh Pádraig, Scoil Lios na n-Óg agus Gaeilscoil Chnoc Liamhna chun dul ag rith thar chúrsaí éagsúla tras-tíre. Ag ceiliúradh cúig bliana ag rith sa chomórtas chuir na cailíní F10 tús lena maidin thar 300m. B'iad



Lios na n-Óg a bhuaigh agus beirt acu, Grace Rúnaí agus Clíodhna Ní Cheallacháin sa chéad triúr agus Eimear ó Scoil Mológa eatarthu.

400m a bhí ann dos na buachaillí F10 agus b'é Pádraig Mac an Mháisitir ó Scoil Mológa a bhuaigh ach le beirt ó Lios na n-Óg ina dhiaidh bhí an duais foirne buaite acu arís sa rás seo.

Sheas na cailíní F13 ar an líne agus 600m rompu. Muintir Lios na n-Óg a lonraigh arís le Sarah Rúnaí mar bhuaiteoir agus an bua ag foireann Lios na n-Óg arís.

B'iad na buachaillí F13 a chur críoch len rith thar 800m. I rás fíor-chóngarach ba é Séamus Ó Cearnaigh a bhuaigh do Ghaelscoil Inse Chór le bearna fíor bheag aige thar Mhaitiú Mac Giolla Phóil do Ghaelscoil Naomh Pádraig ach bhí muintir Lios na n-Óg ró láidir mar fhoireann arís agus an bua acu arís ag deimhniú bonn do gach lúthchleasaí acu ar an lá.

Maith sibh na páistí ar fad a ghlac páirt!



Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin ina chéad bhliain, le Thea Bateman



Thosaigh mé i nGaelcholáiste Charraig Uí Leighin ar an 31ú Lúnasa 2015. Tá ochtar déag i mo rang, tá ochtar déag i mo bhliain agus tá ochtar déag i mo scoil, tá sé deacair é a chreidiúint! Is sinne na chéad daltaí sa scoil! Bhíos an-neirbhíseach ar fad nuair a bhí mé ag tosnú. Ní raibh aithne agam ar aon duine ag an bpointe áirithe sin. Bhí náire an domhain orm mar bhí gach duine ábalta labhairt gan stad gan staonadh as Gaeilge agus ní raibh focal agamsa creid nó ná creid! An chúis leis sin ná níor fhreastail mé ar Ghaelscoil. Ach bhí gach duine ana-dheas. Ina dhiaidh sin, thug na múinteoirí ranganna breise Gaeilge dom, agus anois tá níos mó Gaeilge agam gan aon cheist.

Tá a lán ábhar difriúil againn mar shampla an tSínis. Bhí sé deacair iad a roghnú don dara bliain ach i ndeireadh na dála fuair mé gach ceann a bhí uaim. Bhí scrúduithe na Nollag againn faraor géar, agus ba é an chéad uair dom scrúduithe móra a dhéanamh. Anois tá scrúduithe an tsamhraidh ag teacht!

Rinneamar a lán rudaí suimiúla mar shampla Comórtas an Eolaí Óig agus rinneamar an scannán 'Greamaithe'. Chuamar go dtí Zipit agus bhí an-spórt againn ar na ziplintí. Táimid ag glacadh páirte i Scifest agus beidh lá spóirt uisce againn agus Cluichí na nGaelcholáistí chomh maith.

Tá an Gaelcholáiste ana-dheas agus táim cinnte go mbeidh sé go hiontach sna blianta atá le teacht.

Sheinn an 'RTE Contempo Quartet' le ceolfhoireann Scoil Uí Cheithearnaigh, Béal Átha na Slua mar chuid dár nimeachtaí Chuimhneacháin 1916 sa scoil.



Seachtain na Gaeilge i nGaelscoil na Laochra.



Gradam bronnata ar Choláiste de hÍde as ardchaighdeán teagaisc agus foghlama na scoile

Chuir Coláiste de hÍde iarratais isteach ar bhronnadh aitheanta 2015/16 mar scoil le hardchaighdeán teagaisc agus foghlama trí scéim eagraithe ag Coláiste na Tríonóide

Déirigh leis an gcoláiste an bronnadh aitheanta mar scoil le hardchaighdeán Teagaisc agus Foghlama 2015/16 a fháil. Rinneadh an cinneadh bunaithe ar cheannaireacht trí sheirbhís d'oideachais agus teagasc agus foghlaim sa fiche haonú aois

Déanfar an bronnadh ar Choláiste de hÍde sa Google Foundry Building 13 Bealtaine 2016.

Comórtas na mBunscoileanna

MUMHAIN - LAIGHIN - CONNACHTA, ULAI DH

BÍGÍ PÁIRTEACH SA RÉABHLÓID

Déan teagmháil le hÚna: unaficheall@gmail.com

Tuilleadh eolais: <http://unaoboyle.weebly.com/>

Comórtas Fichille 2016

Bhí an t-ádh dearg le ceathrar daltaí ó Scoil an Duinnínigh nuair a roghnaíodh ar son na scoile iad chun dul go hÁras Chrónáin agus dul in iomaíocht i gComórtas Fichille ollmhór. Bhí scoileanna bailithe ann ó Chúige Laighean ar fad agus ní raibh ann ach an dara uair riamh go ndeachaigh daltaí ó Scoil an Duinnínigh go dtí an Comórtas mór le rá seo.

Is comórtas proifisiúnta a bhí ann i halla mór mílteach agus bhí gach duine a bhí i láthair lán dáiríre faoin bhficheall. Bhí na moltóirí ag cinntiú nach raibh aon duine ag caint, agus nuair a bhí na babhtáí tosnaíthe bhí ciúnas iomlán sa halla.



Bhí meascán acu de bhuachaillí agus cailíní ar an bhfoireann agus rinneadar ar fad a sheacht ndícheall. Bhí rialacha dochta daingne i bhfeidhm agus bhí an lucht féachana in airde an staighre lán ábalta an teannas a bhrath san aer!

D'éirigh leo an fód a sheasamh agus ag deireadh an lae bhí cluichí caillte acu ar fad ach bhí cluichí buaite ag gach aon imreoir ó Scoil An Duinnínigh chomh maith. Is toradh breá é seo agus ba cheart go mbeadh bród ar na himreoirí ar fad. Ba dheas an ócáid í ach creathadh lámh le na himreoirí ó na scoileanna eile.



COMÓRTAS FICHILLE CHÚIGE CHONNACHT Buaiteoirí: **Gaelscoil Mhic Amhlaidh, Gaillimh** COMÓRTAS FICHILLE CHÚIGE LAIGHEAN Buaiteoirí: **Scoil Lorcáin, Baile Átha Cliath**



Buaiteoirí Chúige Laighean: Scoil Lorcáin



Ghlac Gaelscoil na Laochra páirt i gComórtas Fichille, don chéad uair riamh, 25ú Aibreán. D'éirigh go hiontach leis na páistí agus bhain siad an-chuid taitnime as an lá in Áras Chrónáin. Míle buíochas le hÚna Boyle a d'eagraigh an lá.



Buaiteoirí Chúige Chonnacht:
Gaelscoil Mhic Amhlaidh

AN SEINNTEOR RAIDIÓ

Táimid ag moladh do dhaoine aip An Seinteoir a íoslódáil an mhí seo mar chuid den bhfeachtas BÚA. Leis an aip seo, is féidir éisteacht le na stáisiúin raidió Gaeilge ar fad. Sheol RTE & IBL an aip seo mar chuid de Sheachtain na Gaeilge i mbliana agus is áis iontach i le héisteacht le cláracha raidió ó Raidió na Gaeltachta, Raidió Fáilte, Raidió na Life & Raidió Ri-Rá. Tá an aip ar fáil ar iTunes agus ar an Google Play store.

Smaointe



Íoslódáil An Seinteoir



Éist leis na stáisiúin raidió as Gaeilge



Piob clár nua le héisteacht le gach mí



Lean na cláracha is fearr leat ar na meáin shóisialta



Bain sult as ceol trí Ghaeilge!

#BÚAGaeilge

Bainim
ÚSÁID AS

Feachtas gníomhaithe arna reáchtáil ag Conradh na Gaeilge chun daoine a spreagadh agus a chumasú le níos mó Gaeilge a úsáid i níos mó suíomhanna agus comhthéacsanna le téama agus smaointe difriúla gach mí



facebook.com/SeachtainnaGaeilge



#BÚA

Céard é Bainim Úsáid As?

Feachtas gníomhaithe arna reáchtáil ag Conradh na Gaeilge chun daoine a spreagadh agus a chumasú le níos mó Gaeilge a úsáid i níos mó suíomhanna agus comhthéacsanna le téama agus smaointe difriúla gach mí. Cuireadh tús leis an bhfeachtas i mí na Nollag 2015 & tá an feachtas ag dul ó neart go neart ó shin. Bíonn #BÚA dírithe ar dhaoine le leibhéal éagsúla sa Ghaeilge agus taispeánann sé do dhaoine na bealaí gur féidir leo níos mó Gaeilge a úsáid gach lá. Níl ort a bheith líofa sa Ghaeilge le do chúpla focal a úsáid agus is féidir leat cur le do chuid Gaeilge gach mí leis an bhfeachtas seo. Más mian leat tuilleadh eolais a fháil is féidir r-phost a chur go

orlaith@cnag.ie.

Tá láithreán ardán foilseachán idirlín agus soghluaiste nua díreach seolta do scoileanna amháin ag iClassCMS. Is suíomh gréasáin iomlán agus réiteach soghluaiste é atá ar fáil do scoileanna. Freastalaíonn sé ar riachtanais múinteoirí, mac léinn agus tuismitheoirí.

Tá sé comhdhéanta de 6 mhodúl; Gréasáin nua-aimseartha agus sofhreagrach don scoil, blog/ iris scoile, modúl foilseachán do mhac léinn, modúl bainistíú imeachtaí agus iocaíocht, app teachtaireachtaí do thuismitheoirí agus ar deireadh thiar comhéadan bainistíochta simplí. Tá iClassCMS tar éis láithreán Idirlín nua a sheoladh do Ghaelcholáiste na Mara san Inbhear Mór, i gCill Mhantáin agus tar éis dul tríd an próiseas logánaithe tá siad ag iarraidh a bheith ag obair le Gaelscoileanna eile.

Tá an fianaise thíos ó Ghaelcholáiste na Mara agus tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.iclasscms.com, info@iclasscms.com agus 01 691 8833

'We were delighted with the final product and very impressed with the range of functions for teachers, students and parents. We also look forward to the ongoing iClassCMS platform developments over the coming year. We would highly recommend iClassCMS to any school looking for a bespoke and professional website' - Máire Mhic Mhuiris (Príomhoide)



Tacaíglí le Carmel Mhic Airt!




Tá Carmel, príomhoide Ghaelscoil Mhíchíl Uí Choileáin, ag oibriú go deonach ar na hoileáin Gréagacha ina hoibrí cabhrach daonnúil i láthair na huaire agus ag tabhairt tacaíochta maidir le géarchéim na dteifeach ansin.

Is féidir a cuid dul chun cinn a leanúint ar a

leathanach Facebook <https://www.facebook.com/CarmelNicArtIslandtoisland/> nó airgead a thabhairt do West Cork Humanitarian Aid leis na sonraí thíosluaite.

Guímid gach rath uirthi san éacht seo.



Ar mhaith leat na páistí scoile a thabhairt ar thuras scoile iomlán trí mheán na Gaeilge, áit ina mbeidh siad ag bualadh le páistí ó Ghaelscoileanna eile?

Beidh Carnabhal do dhaltai gaelscoile á reáchtáil ag Cumann na bhFiann arís i mbliana ó 23-27 Bealtaine 2016. Ócáid lán-tumtha agus lán-Ghaeilge atá i gceist do ghrúpaí ó Rang 3 go Rang 6.

Scoláireachtaí an Chraoibhín Aoibhinn

do na Gaeltachtaí 2016

Bronnadh scoláireachtaí an Chraoibhín Aoibhinn ar dhaltai Choláiste de hÍde ag Príomhoide Deiric Mac an Bhaire le déanaí do na Cúrsaí Samhraidh 2016. Bhí áthas an domhain ar na daltaí agus ach go háirithe ar stiúrthóir na scéimeanna agus múinteoir Maitiú de Hál.

Is é Maitiú a thosaigh an scéim seo i gColáiste de hÍde i gcomhpháirtneireacht le Coláiste Phobail Mhic Dara Naofa, Coláiste Chillian agus Coláiste Chill an Fionnáin (Firhouse CC). Glaotar an t ainm "Craoibhín Aoibhinn" i ndiaidh Dubhghlas de hÍde.

D'oibrigh Maitiú leis an DDLETB, na heagraíochtaí Gaeilge, na Comhlachtaí agus na clubanna áitiúla agus d'éirigh leis an gcoiste urraíocht €8,250 a bhailiú.



Maitiú de Hál, Filip Ó Muirí, Réamonn Ó Hairc, Craig Ó Buaigh, Deiric Mac An Bhaire (Príomhoide), Julianna Ní Cúipéir, Róisín Ní Chúig, Caitlín Ní Nualláin, Ábha Polóc



Naíonra Thomáis Daibhís: Paráid Lá Fhéile Pádraig 2016



Céiliúradh 1916

Chúram Leanaí

Teo. Bhéal an Átha Móir, Co Liatroma.

Fuarthas an nuachtán den dáta 22 Aibreáin 1916 le nuacht ó Ros Comáin, ón Longfort, ón gCabán agus Sligeach. Iarradh ar na páistí cén tábhacht a bhaineanna le Naíolann. Cuireadh an bratach suas agus scríobh na páistí a n-óráidí féin. Seo iad na rudaí a chuir na páistí ina bhforógra - "Foghlaim, súgradh le cairde, am lóin, amhráin a fhoghlaim, ABC a fhoghlaim, comhaireamh a fhoghlaim, damhsa, gléasadh suas"



Bhí Naíonra Céimeanna Beaga in Inis, Co an Chláir fóirghnóthach ag ullmhú don chuairt speisialta ó shaighdiúirí chun brat na hÉireann a thaispeáint agus a mhíniú dóibh. Bhí "Rap na Gaeilge" agus chas siad amhráin faoinár dtír agus ár dteanga - Lá lán de spraoi, ceol, amhránaíocht agus bród as ár gcultúr féin! An Ghaeilge abú!